**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2022/0196(COD)**

1.6.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115
(COM(2022) 0305 - C9-0207/2022 – 2022/0196(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Michèle Rivasi

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Lua 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ***Airteagal 192***(1) de, | Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ***Airteagal 192***(1) ***agus Airteagal 208*** de, |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Lua 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ag féachaint do Thuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach an 24 Meán Fómhair 2019 maidir leis an Aigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú (SROCC),*** |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[41], tugadh faoi deara nach mór don Aontas gníomhú gan mhoill chun aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí agus iarradh ar an gCoimisiún sprioc uaillmhianach ***ceangailteach*** uile-Aontais a mholadh | (3) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[41], tugadh faoi deara nach mór don Aontas gníomhú gan mhoill chun aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí***, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar tháirgí talmhaíochta allmhairithe a chóireáiltear*** |

chun úsáid lotnaidicídí a laghdú D’athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a hiarraidh ar spriocanna ceangailteacha laghdaithe sa rún uaithi an ***20 Deireadh Fómhair 2021*** maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[42].

***le lotnaidicídí a bhfuil toirmeasc nó srian orthu san Aontas Eorpach,*** agus iarradh ar an gCoimisiún sprioc uaillmhianach ***cheangailteach*** uile-Aontais a mholadh chun úsáid lotnaidicídí a laghdú***.*** D’athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a hiarraidh ar spriocanna ceangailteacha laghdaithe sa rún uaithi an ***20 Deireadh Fómhair 2021*** maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[42]***, arb é atá i gceist leis samhail talmhaíochta a chur chun cinn nach mbíonn ag brath ar lotnaidicídí ceimiceacha agus nach gcuireann ár sláinte ná sláinte ár gcomhshaoil i mbaol***.

[41] P8_TA(2019)0082, 12 Feabhra 2019

[42] P9_TA(2021)0425, 20 Deireadh Fómhair 2021.

[41] P8_TA(2019)0082, 12 Feabhra 2019

[42] P9_TA(2021)0425, 20 Deireadh Fómhair 2021.

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(3a) Is minic a bhíonn rialacháin chosanta nach bhfuil chomh dian céanna agus cumas teicniúil teoranta ag tríú tíortha a fhaigheann lotnaidicídí chun substaintí guaiseacha a láimhseáil, rud a fhágann go mbíonn nochtadh tocsaineach ann a théann i bhfeidhm ar a bpobail, go háirithe i bpobail áitiúla, agus ar a dtimpeallacht, rud a mbíonn tionchar tromchúiseach aige ar shláinte an duine, ar éiceachórais, ar an mbithéagsúlacht agus ar an ngeilleagar. Tá na himthosca sin ábhartha go háirithe i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, tíortha a bhí ag fáil ceimiceáin ghuaiseacha agus lotnaidicídí ó thíortha ardioncaim le blianta fada anuas.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Mar thoradh ar thaighde le blianta fada tá toirmeasc agus srian mór ar roinnt lotnaidicídí atá thar a bheith guaiseach. Mar sin féin, níl comhaontú idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí ann faoi láthair chun lotnaidicídí a rialáil, rud a chiallaíonn go bhfuil líon na substaintí guaiseacha a bhfuil toirmeasc domhanda orthu thar a bheith teoranta. Mar shampla, le Coinbhinsiún Stócólm arThruailleáin Orgánacha Mharthanacha, ní dhéantar ach líon beag lotnaidicídí ar fud an domhain a shrianadh nó a thoirmeasc. Ní rialaítear ach gnéithe áirithe de thrádáil lotnaidicídí le comhaontuithe idirnáisiúnta eile. Mar shampla, le Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an Nós Imeachta um Thoiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin Ghuaiseach agus Lotnaidicídí Áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Rotterdam), ní cheanglaítear ar Stáit faisnéis a chomhroinnt maidir le honnmhairiú agus allmhairiú lotnaidicídí guaiseacha áirithe agus ní rialaítear trádáil idirnáisiúnta lotnaidicídí guaiseacha le Coinbhinsiún Basel ach amháin tar éis dóibh a bheith ina ndramhaíl.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 b) Tá go leor Stát i mbun gníomhaíochta intíre maidir le húsáid lotnaidicídí áirithe nó maidir le rochtain ar an margadh i ngeall ar na rioscaí do*** |

***shláinte an duine nó don chomhshaol. Áirítear ar na gníomhartha rialála na substaintí sin a thoirmeasc, a bhformheas a dhiúltú, nó srian mór a chur ar a n-úsáid. Sa Fhrainc, mar shampla, i ndlí an 30 Deireadh Fómhair 2018 maidir le hearnálacha na talmhaíochta agus an bhia, déantar foráil in Airteagal 83 de maidir le toirmeasc nua a bhaineann le táirgeadh, stóráil agus cúrsaíocht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí neamhcheadaithe san Aontas Eorpach.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 c) Mar sin féin, déantar lotnaidicídí a bhfuil cosc áitiúil orthu nó lotnaidicídí neamhcheadaithe a mhonarú fós lena n-onnmhairiú agus lena n-úsáid in áiteanna eile ar fud an domhain. Tugtar 'caighdeán dúbailte' ar an gcleachtas sin mar go leanann tíortha ardioncaim de bheith in ann a substaintí nach dteastaíonn uathu a tháirgeadh lena n-onnmhairiú. In 2018 amháin, d'onnmhairigh corparáidí Eorpacha breis agus 81,000 tona lotnaidicídí ina raibh 41 cheimiceán guaiseach a bhfuil toirmeasc orthu le haghaidh úsáid talmhaíochta san Aontas*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 e) I dTuarascáil na Náisiún Aontaithe an 24 Eanáir 2017 ón*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rapóirtéir Speisialta maidir leis an gceart chun bia, arna scríobh i gcomhar leis an Rapóirtéir Speisialta maidir leis na himpleachtaí do chearta an duine a bhaineann le substaintí guaiseacha agus dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú agus a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, cuirtear i bhfáth go bhfuil úsáid iomarcach lotnaidicídí an-chontúirteach do shláinte an duine, don chomhshaol agus go bhfuil an maíomh go bhfuil siad ríthábhachtach chun slándáil bia a áirithiú míthreorach. I ndáil leis an méid sin, d'iarr sí go mbunófaí beartais chun úsáid lotnaidicídí ar fud an domhain a laghdú agus chun creat rialála a fhorbairt, bunaithe ar chur chuige maidir le cearta an duine, chun lotnaidicídí atá thar a bheith guaiseach a thoirmeasc agus a chéimniú amach, mar aon le haistriú i dtreo na hagra-éiceolaíochta, chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Ina Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, gheall an tAontas go gcuirfí toirmeasc ar onnmhairiú substaintí a bhfuil toirmeasc intíre orthu.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart don Rialachán seo prionsabal an chomhtháthaithe beartais ar mhaithe le forbairt a chomhlíonadh, mar a chumhdaítear in Airteagal 208*** |

***CFAE, ina ndearbhaítear an méid seo: 'tabharfaidh an tAontas aird ar chuspóirí an chomhair um fhorbairt sna beartais a chuirfidh sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha atá i mbéal forbartha'. Ar an gcaoi sin, ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú nach n-onnmhairítear lotnaidicídí a bhfuil toirmeasc orthu ón margadh Eorpach chuig tríú tíortha, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, i bhfianaise an tionchair dhíobhálaigh a bhíonn aige ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí. In éagmais toirmeasc ar fud an Aontais, is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta lotnaidicídí toirmisc náisiúnta a sheachaint trí leanúint dá dtrádáil onnmhairiúcháin trí fhochuideachtaí atá lonnaithe i mBallstáit eile. Ní mór an toirmeasc sin a cheangal le comhpháirtíochtaí agus sásraí comhair, lena n-áirítear bearta tacaíochta chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha san aistriú riachtanach chuig an agra-éiceolaíocht agus chuig cleachtais inbhuanaithe, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde chun réitigh mhalartacha ar lotnaidicídí guaiseacha a aimsiú agus chun úsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú. Chomhlíonfadh athrú den sórt sin an cuspóir na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú agus chabhródh sé le díghrádú ithreach, triomach agus gaineamhlú a chomhrac.***

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) Úsáidtear lotnaidicídí go forleathan ar fud na dtíortha atá i mbéal forbartha, agus tá méadú ag teacht ar an éileamh atá orthu mar gheall ar an athrú atá tagtha ar bheartais talmhaíochta, ó tháirgeadh bia traidisiúnta le haghaidh tomhaltas áitiúil go dtí táirgeadh atá*** |

***dírithe ar onnmhairiú. Tá ról mór le himirt ag an Aontas chun tacú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim san aistriú ó dhiantalmhaíocht go cleachtais agrai-éiceolaíocha níos inbhuanaithe, trí chúnamh teicniúil agus airgeadais a sholáthar, trí chláir neartaithe um thaighde agus um fhothú acmhainneachta , go háirithe faoi chuimsiú Choinbhinsiún Rotterdam, d'fhonn úsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú agus roghanna malartacha ar lotnaidicídí guaiseacha a aimsiú, chomh maith le tacú leis an gcomhoibriú idir tíortha atá i mbéal forbartha chun rialáil riosca lotnaidicídí a threisiú.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 d) De réir na Tuairime Dlíthiúla ón Lárionad um an Dlí Idirnáisiúnta Comhshaoil (CIEL), má theipeann ar Stáit Eorpacha toirmeasc a chur ar onnmhairiú lotnaidicídí toirmiscthe nó neamhcheadaithe, déantar dochar don cheart chun sláinte sna Stáit is allmhaireoir, agus dá bhrí sin, is sárú é ag Stáit Eorpacha ar a n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Dá bhrí sin, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an Aontas agus ar na Ballstáit gach onnmhairiú de na substaintí gníomhacha ceimiceacha guaiseacha agus lotnaidicídí sin a thoirmeasc go hiomlán agus láithreach agus deireadh a chur leis an trádáil neamhdhleathach chontúirteach sin, i gcomhréir le Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht de chuid an Choimisiúin.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022, a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, truailliú, iarrann na saoránaigh go háirithe laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus slándáil bia á háirithiú, agus tacaíocht do thaighde chun roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos nádúrtha a fhorbairt. Iarrann na saoránaigh tuilleadh taighde agus nuálaíochtaí, lena n-áirítear i réitigh theicneolaíocha le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe, frithsheasmhacht plandaí agus feirmeoireacht bheacht, agus tuilleadh cumarsáide, córais chomhairleacha, agus tuilleadh oiliúna d'fheirmeoirí agus ó fheirmeoirí agus iarrann siad ar an Aontas freisin feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus feithidí ***pailnitheacha***[55]. | (9) I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022, a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, truailliú, iarrann na saoránaigh go háirithe laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus slándáil bia á háirithiú, agus tacaíocht do thaighde chun roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos nádúrtha a fhorbairt. Iarrann na saoránaigh tuilleadh taighde agus nuálaíochtaí, lena n-áirítear i réitigh theicneolaíocha le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe, frithsheasmhacht plandaí agus feirmeoireacht bheacht, agus tuilleadh cumarsáide, córais chomhairleacha, agus tuilleadh oiliúna d'fheirmeoirí agus ó fheirmeoirí agus iarrann siad ar an Aontas freisin feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus feithidí ***pailnitheacha. Tá saoránaigh ag iarraidh freisin go ndéanfaí foinsí uisce a chosaint agus go ndéanfaí rud éigin chun dul i ngleic le truailliú aibhneacha agus aigéan***[55]***.*** |
| Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022, Moltaí 1 agus 2, lgh. 43-44. | Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022, Moltaí 1 agus 2, lgh. 43-44. |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) Clúdaíonn an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus tíortha i mbéal*** |

***forbartha, go háirithe san Afraic, comhpháirtíochtaí maidir leis an aistriú glas. Mar a tugadh faoi deara i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, tá cosaint na bithéagsúlachta ina cuid fhíor-riachtanach den chomhrac i gcoinne an díghrádaithe comhshaoil, d'ilroinnt ghnáthóige agus de chailliúint timpeallachtaí nádúrtha agus, mar thoradh air sin, den chosc ar ghuaiseacha comhshaoil, rud a chuireann, i measc nithe eile, le bagairtí sláinte, amhail zónóisí. Áirítear leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, lena dtreisítear Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, an nasc idir an bhithéagsúlacht agus an tsláinte. Ina theannta sin, is foinse truaillithe idirleata iad lotnaidicídí, a bhraitear go minic i dtiúchan a sháraíonn caighdeáin dhlíthiúla nó chomhshaoil, rud a thruaillíonn uisce agus a dhéanann dochar d'orgánaigh uisceacha agus d'éiceachórais mhuirí agus chósta. Ós rud é go bhfuil truailliú uiscí dromchla agus uiscí faoi thalamh agus ídiú acmhainní uisce, ar bhonn níos ginearálta, ina gcúis mhór imní dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, ba cheart don Aontas aird ar leith a thabhairt ar iarmhairtí lotnaidicídí ar an gcomhshaol uisceach i dtíortha i mbéal forbartha, mar a fhoráiltear laistigh de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 6 'Rochtain ar uisce agus ar shláintíocht a ráthú do chách agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce a áirithiú'.***

***Cé gur féidir tionchar tromchúiseach a bheith ag lotnaidicídí ceimiceacha ar an mbithéagsúlacht, ar ghnáthóga, ar éiceachórais agus ar an slabhra bia agus, dá bhrí sin, ar an tsláinte phoiblí, is rogha mhalartach éifeachtach iad oibreáin um rialú bitheolaíoch nach mbíonn droch-éifeachtaí acu. Is iomchuí, dá bhrí sin, tacú le tíortha comhpháirtíochta i nuálaíochtaí bainistithe comhtháite lotnaidí agus in infhaighteacht,***

***inrochtaineacht agus inacmhainneacht na réiteach bainistithe comhtháite lotnaidí, ag díriú go háirithe ar fheirmeoirí beaga. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le cláir thaighde lena ndírítear ar nuálaíochtaí bainistithe comhtháite lotnaidí agus tacaíocht theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil chun rialú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme i dtíortha i mbéal forbartha.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49 a) á aithint gur sprioc thábhachtach iad rialacha nua chun riosca agus úsáid táirgí cosanta plandaí san Aontas a laghdú agus é mar aidhm leo córas bia níos sláintiúla agus níos fónta ó thaobh an chomhshaoil de a bheith ann i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; á chur i bhfios go bhféadfadh an treocht sin dul chun tairbhe do thíortha i mbéal forbartha toisc go mbíonn táirgí cosanta plandaí costasach de ghnáth, a mbíonn sé deacair teacht orthu go minic agus i gcásanna áirithe bíonn siad guaiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus do shláinte an chomhshaoil;*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta ***plandaí*** trí fhoráil a dhéanamh go socrófar agus go mbainfear amach faoi 2030 spriocanna | Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta ***plandaí agus é mar aidhm leo na rioscaí agus na tionchair a bhaineann le húsáid*** |

| | |
|---|---|
| laghdaithe maidir le húsáid agus riosca táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, ceanglais a bhunú maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a stóráil, a dhíol agus a dhiúscairt agus maidir le trealamh leata, foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint agus feasacht a ardú, agus foráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme. | ***lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú agus an úsáid a bhaintear as bainistiú comhtháite lotnaidí agus cineálacha cur chuige nó teicnící malartacha,amhail roghanna malartacha neamhcheimiceacha ar lotnaidicídí, a chur chun cinn*** trí fhoráil a dhéanamh go socrófar agus go mbainfear amach faoi 2030 spriocanna laghdaithe maidir le húsáid agus riosca táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, ceanglais a bhunú maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a stóráil, a dhíol agus a dhiúscairt agus maidir le trealamh leata, foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint agus feasacht a ardú, agus foráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme. |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tacóidh an Coimisiún le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme i dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe trí chúnamh teicniúil agus airgeadais a sholáthar agus neartóidh sé taighde i réimsí na hagra-éiceolaíochta, na feirmeoireachta orgánaí agus an bhainistithe chomhtháite lotnaidí mar rogha mhalartach ar lotnaidicídí guaiseacha, go háirithe d'fhonn bithéagsúlacht agus sláinte an duine a chosaint, agus an cur chuige Aon Sláinte Amháin a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an | 3. Faoin... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an |

| | |
|---|---|
| Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí i bhfeidhm chun meathlú ar stádas dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara ***a sheachaint*** agus chun go mbeifear in ann stádas maith dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí, agus chun, ar a laghad, na cuspóirí a leagtar amach i dTreoracha 2000/60/CE, 2006/118/CE, 2008/105/CE, 2008/56/CE agus (AE) 2020/2184 a bhaint amach. | Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí i bhfeidhm chun ***teorainn a chur leis an damáiste forleathan a dhéanann lotnaidicídí caolaithe in éiceachórais uisceacha, chun stop a chur leis an*** meathlú ***luathaithe*** ar stádas ***uisce*** dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara agus chun go mbeifear in ann stádas maith dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí, agus chun, ar a laghad, na cuspóirí a leagtar amach i dTreoracha 2000/60/CE, 2006/118/CE, 2008/105/CE, 2008/56/CE agus (AE) 2020/2184 a bhaint amach. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil VI a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Trádáil agus comhar le tríú tíortha*** |
| | ***Airteagal 1 - Táirgí talmhaíochta agus agraibhia a allmhairiú ó thríú tíortha*** |
| | ***1. Tá toirmeasc ar allmhairiú táirgí talmhaíochta agus agraibhia ó thríú tíortha más rud é gur cóireáladh nó gur táirgeadh iad le substaintí nach gcomhlíonann na critéir formheasa a leagtar amach i bpointí 3.6.2 go 3.6.5, 3.7 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh.*** |
| | ***2. Tá toirmeasc ar shubstaint ghníomhach thoirmiscthe agus táirgí cosanta plandaí toirmiscthea tháirgeadh, a stóráil nó a onnmhairiú ón Aontas Eorpach nach bhfuil formheasta le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair*** |

***2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, nó nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le sainaithint agus inrianaitheacht a fhorchuirtear leis an rialachán céanna .***

***Airteagal 2 - Comhar idirnáisiúnta maidir le faisnéis faoi úsáid táirgí cosanta plandaí***

***1. Cuirfidh an Coimisiún tús le hidirphlé le tríú tíortha chun comhpháirtíochtaí agus sásraí comhair a chur ar bun chun bailiú agus trédhearcacht sonraí maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí i dtríú tíortha a neartú agus chun malartú faisnéise idir na tíortha sin ar thaobh amháin, agus an Coimisiún agus na Ballstáit ar an taobh eile, a cheadú.***

***2. D'fhéadfadh idirphlé struchtúrtha, cláir agus bearta tacaíochta, agus nósanna imeachta riaracháin a bheith san áireamh sna comhpháirtíochtaí agus sna sásraí comhair sin. Beidh sé d'aidhm acu laghdú ar úsáid táirgí cosanta plandaí i dtríú tíortha a chur chun cinn agus athrú i dtreo roghanna malartacha neamhcheimiceacha ar lotnaidicídí agus cleachtais bainistithe comhtháite lotnaidí a chur chun cinn.***

***3. Spreagfaidh an Coimisiún tríú tíortha chun bunachair sonraí phoiblí a chur ar bun ina mbeidh faisnéis bheacht maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí.***

***4. Spreagfaidh an Coimisiún tríú tíortha a cheangal ar tháirgeoirí, soláthraithe, dáileoirí, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí cláir a choimeád de na táirgí cosanta plandaí a tháirgeann siad, a allmhairíonn siad, a onnmhairíonn siad, a stórálann siad nó a chuireann siad ar an margadh ar feadh cúig bliana ar a laghad. Ina theannta sin, spreagfar tríú tíortha chun a cheangal ar úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí taifead a choimeád ar feadh trí bliana ar a laghad ar gach úsáid a bhaintear as táirge den sórt sin, ina bhfuil ainm an táirge cosanta plandaí, an t-am agus an dáileog a***

| | |
|---|---|
| | ***úsáideadh, an limistéar agus an barr a cóireáladh. Beidh an fhaisnéis atá sna cláir sin ar fáil le cur in iúl, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla tríú tíortha agus do thríú páirtithe leasmhara, amhail tionscal an uisce óil, miondíoltóirí nó cónaitheoirí.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4. Tacóidh an Coimisiún le tíortha i mbéal forbartha rochtain a fháil ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí tríd an suíomh gréasáin nó na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 2.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 39a*** |
| | ***Tacóidh an Coimisiún le tíortha i mbéal forbartha próiseas éifeachtúil a bhunú chun athmheastóireacht a dhéanamh ar chlárúcháin lotnaidicídí de réir dea-chleachtais rialála chomhaimseartha, i gcomhréir le Cód Iompair FAO/EDS.*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0305 – C9-0207/2022 – 2022/0196(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>4.7.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>19.1.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Michèle Rivasi<br>17.1.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 21.3.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 23.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 13<br>–: 1<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Antoni Comín i Oliveres, Elisabetta De Blasis, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Tomas Tobé, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosa Estaràs Ferragut, María Soraya Rodríguez Ramos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marisa Matias |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 13 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comin i Oliveres |
| Renew | Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Charles Goerens, María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D | Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Mónica Silvana González, Karsten Lucke |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Elisabetta De Blasis |
| PPE | Hildegard Bentele, Rosa Estarás Ferragut, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh